# Gaeltacht Mhúscraí

## Nuachtlitir | Márta 2026



Pic: Nóirín Uí Thuama



Údarás na Gaeltachta · Gaeltacht na hÉireann · Comharchumann Forbartha Mhúscraí · gteic @Béal Átha an Ghaorthaidh · Plean Teanga Mhúscraí

# Leann Orainn

## Béal Átha an Ghaorthaidh

Béal Átha Abú
www.bealatha.ie
Coiste Forbartha

## Cill na Martra

Nuacht Chill na Martra
Coiste Forbartha

## Réidh na nDoirí

Ionad Áise Réidh na Doirí
Coiste Forbartha Réidh na nDoire
Réidh na nDoirí

## Baile Mhúirne

Ballyvourney Noticeboards
Meitheal Teangan Grúpa Whats App

## Cúil Aodha

Linn Snámha Chúil Aodha
Comhaltas Cosanta Chúil Aodha

# Féilire na bhFéilte

## MÁRTA

| | |
|---|---|
| LÁ FHÉILE PÁDRAIG, BÉAL ÁTHA | 17 MARTA |
| FÉILE AN TSULÁIN | 20–22 MÁRTA |

## AIBREÁN

| | |
|---|---|
| CRUINNIÚ NA BHFLIÚIT | 8–11 AIBREÁN |

## BEALTAINE

| | |
|---|---|
| AN TEALÚ (CEOLDRÁMA) | 7/8/9/14/15/16 BEALTAINE |
| FÉILE CINCÍSE | 23–24 BEALTAINE |

## IÚIL

| | |
|---|---|
| TAISPEÁNTAS BAILE MHÚIRNE/CÚIL AODHA | 19 IÚIL |

gaeltachtmhuscrai.ie

# BEANNACHTAÍ NA FÉILE PÁDRAIG ORAIBH



## PÁRÁID LÁ LE PÁDRAIG

***BÉAL ÁTHA 'N GHAORTHAIDH***

**DÉ MÁIRT**

**17Ú MÁRTA**

**10.30 r.n.**

# Féile an tSuláin

✦ ✦ ✦

## Cill na Martra
## Co Chorcaí
## 20-22 Márta 2026





Comhaltas

CCÉ CRAOBH LACHTAÍN NAOFA

# Aoine 20/03

✦ ✦ ✦

- **7.30pm: Comórtas amhránaíochta do Chorn Sheáin Uí Shíocháin**
  Do dhaoine fásta. Céad duais **€200.** Duaiseanna d'amhráin i mBéarla agus i nGaoluinn. Duais speisialta do mhic léinn tríú leibhéal. Táille €5.
  
  *Singing competition for adults - one song in Irish or English. Special prize for third-level students.*
  **Cláraigh roimh ré:**
  **lachtainnaofa@comhaltas.net**
  An Chrois

- **8.30pm: Oíche amhránaíochta agus aithriseoireachta mhacarónach**
  Traidisiún dátheangach a bhaineann go mór le Gaeltacht Mhúscraí. Má tá amhrán, píosa aithriseoireachta nó scéal macarónach agat, ba bhreá linn do chuid a chloisint. Saorchead isteach.
  *Macaronic (bilingual) singing + recitation night . All welcome to participate.*
  An Chrois

- **9pm: Seisiún ceoil**
  Le Conor Moriarty + Deirdre Ní Mheachair
  Tigh Uí Mhurchú

Comhaltas

# Lá na nÓg
## Satharn 21/03
## 10.30am-5pm

✦ ✦ ✦

- **Ceardlann rince seite le Christy Mac Gearailt**
- **Ceardlann ceoil agus amhránaíochta le Edward Ó Luanaigh + Laura Ní Chathaláin**
- **Ceardlann feadaíle (*whistling*) le Anita Bennis**
- **Mionchéilí**
- **Ceardlann ceoil do dhéagóirí le Conchubhar Ó Luasa + seisiúin**
- **Lón san áireamh**

**Aois 8+**
**€15 (€25 do bheirt sa chlann)**

*Day of music, song and dance for young people*

**Ionad Pobail, P12 KF70**

**Cláraigh roimh ré:**
*Advance registration essential.*
**lachtainnaofa@comhaltas.net**


Údarás na Gaeltachta · ealaín · Cuisle

✦ ✦ ✦

# Satharn 21/03

✦ ✦ ✦

- **11am: Siúlóid staire áitiúil 6km**
  Go Carraig Aifrinn Uí Mhurchú.
  Le Gearóid Ó hÉalaithe. Saor in aisce. Soláistí ar fáil. *Guided local history walk. Free of charge. Refreshments.*
  Start: Seán Ó Síocháin statue

- **11am-12: Ceardlann feadaíle**
  
  Le Anita Bennis. Daoine fásta. *Whistling workshop.* €10
  Cois Cille **P12 CY67**

- **12.00: Seisiún Ceoil**
  Le Ciorcal Ceoil Chill na Martra
  Tigh Uí Mhurchú

- **2pm: Ceardlann rince seite**
  Le Christy Mac Gearailt. €10.
  Daoine fásta. *Set dancing workshop.*
  Aire na nÓg /CLG

- **2pm: Aifreann amuigh faoin aer**
  Tobair Lachtaín, Cloch Aidhneach.
  **P12 E289** Soláistí + ceol ina dhiaidh ag Ionad Áise, Réidh na nDoirí.

Comharchumann Forbartha Mhúscraí · Plean Teanga Mhúscraí

- **4.30pm: Seisiún Ceoil**
  Le Timmy Keane, Eoin Foley, Cieran Murphy agus cairde.
  An Chrois

- **7pm: Ceardlann agallamh beirte agus lúibíní**
  Daoine fásta. Le Siobhán agus Seán Ó Muimhneacháin. €10.
  Tapaigh an deis blaise a fháil den traidisiún áitiúil agus triail a bhaint as agallamh beirte nó lúibín a dhéanamh. Níl gá le réamhthaithí.
  Cois Cille **P12 CY67**

- **8pm: Seisiún Ceoil**
  An Chrois

- **9pm: Céilí rince seite**
  Le Andrew O'Connell + Matthew Kelleher. Roinnt seiteanna á nglaoch as Gaoluinn le Christy Mac Gearailt. €10. Tae san áireamh.
  Ionad Pobail


- **9.30pm: Jim Murray + Fergal Ó Murchú**
  
  Tigh Uí Mhurchú

Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

# Domhnach 22/03

✦ ✦ ✦

- **11.30am : Aifreann i nGaoluinn**
  le Cór Chill na Martra

- **12.30pm: Mórshiúl Lá 'le Lachtain**
  
  Fáilte roimh chách páirt a ghlacadh. *Community parade celebrating St Lachtain's Day.*

- **12.45pm: Oscailt oifigiúil Naíonra Mháire Uí Thuama**

- **1pm: Teacht le chéile an phobail**
  Ceol, rince agus soláistí
  Ionad Pobail

- **2pm: Seisiún ceoil ag ceiliúradh 50 bliain de CCÉ Lachtain Naofa**
  
  Le Connie O'Connell, a chlann + cairde
  An Chrois

- **6pm: Seisiún ceoil**
  Le Shane Creed + cairde
  Tigh Uí Mhurchú

✦ ✦ ✦

*SÚIL SIAR...*

# Féile Ghobnatan








Ba mhaith linn ár mbuíochas ó chroí a ghabháil leis na hurraitheoirí agus leis na daoine agus eagraíochtaí a thug tacaíocht don bhféile. Gabhaimid buíochas leis an g**Comharchumann** agus le h**Údarás na Gaeltachta** as an maoiniú a chuir siad ar fáil, agus buíochas freisin le An **Muileann** agus **Óstán Ghobnatan** as an lóistín blasta agus an bia fial a chur ar fáil do chuairteoirí.
Gabhaimid moladh do Teach Tábhairne **Uí Scanaill** as an seisiún ceoil álainn saor in aisce, don **Athair Seán Mac Cárthaigh** as a chúnamh dílis, agus do **Christy Lucy Haulag**e as an urraíocht fhiúntach do na duaiseanna don chomórtas bóthair.
Táimid fíorbhuíoch de chách—gach duine a chuir le chéile, a chabhraigh ar aon tslí, agus a rinne an fhéile seo chomh rathúil.
Teir chuig **Muscrai.org** chun an cur síos iomlán a léamh.






Gaeltacht
Mhúscraí
Teanga
Mhúscraí




# Meitheal Turasóireachta

Táimid ag tabhairt cuireadh do gach gnólacht agus páirtí leasmhar páirt a ghlacadh sa Mheitheal Turasóireachta Mhúscraí – grúpa a chruinníonn go rialta chun smaointe, eolas agus deiseanna comhoibrithe a roinnt.

Tá fáilte roimh ghnólachtaí nua, fiú amháin mar chuairt aonuaire, chun tuiscint a fháil ar an obair atá ar siúl agus ar na féidearthachtaí comhoibrithe sa cheantar.

Más mian leat páirt a ghlacadh, seol ríomhphost chuig Ciarán Ó Muiris (Oifigeach Turasóireachta) - cara@muscrai.org.

We invite all local businesses and anyone interested in promoting tourism locally to join the Múscraí Tourism Network – a group that meets regularly to share ideas, information, and collaboration opportunities.

New businesses are very welcome, even for a once-off visit, to get a clear sense of the work underway and the partnership potential within the area.

If you'd like to get involved, please email Ciarán Ó Muiris (Tourism Officer) cara@muscrai.org.



# Stró agat le margaíocht na meán sóisialta?

## Struggling with social media marketing?



# *Ceardlann ar na meáin shóisialta*

**Béal Átha an Ghaorthaidh**

***Dé Luain 30 Márta | 10:30–11:30 | gteic***

**Baile Mhúirne**

***Dé Máirt 31 Márta | 10:30–11:30 | suíomh le deimhniú***

**Beidh an cheardlann saor in aisce, agus díreoimid ar scileanna praiticiúla agus straitéisí simplí ar féidir le gach gnó a chur i bhfeidhm láithreach.**

**Más mian leat páirt a ghlacadh, seol ríomhphost chuig Ciarán Ó Muiris, Oifigeach Turasóireachta - cara@muscrai.org le do: ainm, ainm do ghnó, suíomh.**

The workshop will be free of charge, focusing on practical skills and simple strategies any business can apply immediately.

If you'd like to take part, please email Ciarán Ó Muiris (Tourism Officer) - cara@muscrai.org with your name, business name, location.

# Ciorcal Comhrá

**Sa Mhuileann**
**i mBaile Mhúirne**

**2 a chlog**
**Dé Máirt**

**Fáilte roimh chách**
**All levels of proficiency welcome!**



Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Plean Teanga Mhúscraí

SCRABBLE

30 SECONDS

# Cluichí Cártaí & Tuilleadh

**Deis iontach bualadh le daoine, cluichí a imirt agus an Ghaeilge a úsaid!**




## Clárú roímh 31ú Márta.

## Cuir glaoch ar Eibhlín Ní Lionáird @ 083 0914719

**Beidh fáilte roimh gach aois ghrúpa...**



# An t-Éalú

**Ceoldráma Nua**

***le Seán Óg Ó Duinnín***

**á léiriú ag**

## Cumann Léirithe Bhéal Átha'n Ghaorthaidh

**sa Halla i mBéal Átha'n Ghaorthaidh**

**Ticéid ar Eventbrite €25/€20**

***Fotheidil Iomlána - Fully Surtitled***



**Bealtaine/May**

**7,8,9 & 14,15,16**





# COMHAR-RÁ 2026

Comhráite beo idir scríbhneoirí Gaeilge

## Corcaigh

Dé Sathairn, 21 Márta

4.00-5.30pm

An Muileann, Baile Bhuirne

Darach Ó Scolaí & Colm Ó Ceallacháin

Ticéidí saor in aisce ach tá gá le háirithint:
https://www.ticketsource.com/comhar

arts council
cistiú litríocht

@iriscomhar

@IrisComhar

IrisComhar & LeabhairComhar

# Ealaín Bláthanna

## Flower Arranging

### le Nóra

**19 & 26 Márta**

san **Ionad Áise**
**Réidh na nDoirí**

Foghlaim **socruithe bláthanna úr**
a chruthú a spreagann súil agus croí

Fáilte roimh chách
Tosaitheoirí nó daoine le taithí

Bí linn agus tabhair do chruthaitheacht chun solais!

***ionadaise@gmail.com***

***086-3091163***

***Téigh i mbun Ealaíne Bláthanna le Nóra!***

# GAEILGE LE RACHEL

## DO THUISMITHEOIRÍ & EILE




**GAEILGE, OUR NATIVE MOTHER TONGUE**

CONTACT / GLAOIGH AR EIBHLÍN
083 0914719 OR EMAIL OPT@MUSCRAI.ORG

# Comhrá Gaeilge
## le Máire Ní Laoire

### Irish Language conversation with Máire

**Elevate your conversational skills with our Irish language get togethers!**
**For those who want to increase their Irish vocabulary in a fun and relaxed environment.**

**Do dhaoine a thuigeann Gaeilge ach nách bhfuil an misneach no puinn taithí acu í a labhairt**

*eolas: opt@muscrai.org*

Údarás na Gaeltachta

# FOLÚNTAIS - SCÉIM SÓSÍALTA TUAITHE

Tá post mar shaoiste lán-aimseartha á lorg do **Scéim Sóisialta Tuaithe Gaeltacht Mhúscraí.** Tagann an maoiniú don bpost seo ón **Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.**

Taithí Riachtanach:

· Taithí mhaoirseachta / bainistiú 2 bhliain ar a laghad
· Sárscileanna riaracháin agus eagrúcháin
· Tuiscint ar chúrsaí Sláinte agus Sábháilteacht
· Sárscileanna cumarsáide
· Scileanna ríomhaireachta
· Ceadúnas iomlán glan tiomána/córas iompair
· Gaeilge labhartha chomh maith le cumas scríobh na Gaeilge

Seachtain oibre 39 uair a chloig Luan go hAoine a bheidh á thairiscint. Tá tuarastal bunaithe ar scála pá ag tosú ar pointe 1 don scála c.c €35,334.91. Seoltar iarratas, mar aon le Curriculum Vitae roimh 5.00 i.n. Dé hAoine 20ú Márta 2026 chuig am@udaras.ie . Breis eolas ó Anne Marie ar 066 9150100 Is fostóir comhdheiseanna é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.

**Tuilleadh Eolas, agus leagan Béarla: Muscrai.org/nuacht**

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

Údarás na Gaeltachta

Gaeltacht Mhúscraí

# Scéim Soisialta Tuaithe

An bhfuil tréaduimhir agat?

An bhfuil tú ag fáil íocaíocht leasa shóisialaigh?

Do you have a herd number?

Are you receiving social welfare payments?



Would you be interested in working part-time ? If you are not interested, it is possible for a near relative to take your place. on the scheme.

Baile Mhúirne/
Baile Mhic Íre
Cúil Aodha
Réidh na nDoirí
Cill na Martra
Béal Átha an Ghaorthaidh

An bhfuil suim agat bheith ar scéim páirt-aimseartha ? Mura bhfuil suim agat féin, is féidir le daoine atá gaolta leat teacht ar an scéim i d'áit.

Tuilleadh Eolais:
am@udaras.ie

Dáimh Scoil Mhúscraí Uí Fhloinn

# *Socraíocht na Cincíse*

Dé Sathairn, 23 Bealtaine, 3i.n.
Campas Íosagáin


Tionólfar teacht le chéile speisialta den **Dáimh Scoil** le linn **Fhéile Chincíse** Bhaile Mhúirne chun ceiliúradh a dhéanamh ar nasc ar leith a bhí idir filí is amhránaithe Mhúscraí le **Coláiste Íosagáin**.

Bhíodh socraíochtaí ag leithéidí **Dómhnall Ó Mulláin** 'An Poc Ar Buile', **Seán Eoghan Ó Suilleabháin** 'Táimse agus Máíre' is **An Suibhneach Meann** 'An Peidhleacán', **Proinsias Ó Ceallaigh** agus go leor eile sa choláiste chun cuid de saíocht agus cultúr an cheantair a roinnt le na scoláirí a bhí ar lóistín ann. Is ann a chuala **Seán Ó Sé** 'An Poc Ar Buile' á chanadh ag **An Mullánach**.

Beidh na socraíochtaí sin a dtabhairt chun cuimhne ag an ócáid seo agus an Choláiste ar oscail arís, fé bhrat **Champas Íosagáin**, ag an ócáid speisialta seo. Fáilte roimh amhránaithe agus filí is pobal na Dáimh Scoile.

*Le linn Fhéile Cincíse*

# *Ceardlann Scríobhnóireachta*



23 Bealtaine

Dé Sathairn, 11:00-12:30in

Beidh ceardlann scríbhneoireachta dhátheangach do dhaoine fásta ar siúl agus Sadhbh Moriarty i gceannas ar an gceardlann seo. Is ceardlann spraíúil, chairdiúil í atá oiriúnach do chách — fiú dóibh siúd a cheapann nach bhfuil mórán Gaeilge acu.
Seo cuid de na tuairimí a chualamar ó rannpháirtithe i gceardlann le Sadhbh le déanaí:
*"Níor thuig mé riamh go raibh an oiread sin Gaeilge ionam!"*
*"Níor chreid mé go mbeinn ábalta scéal a thosú as Gaeilge..."*
*"Chuireamar iontas orainn féin nuair a fuaireamar amach go rabhamar ábalta scríobh as Gaeilge."*
Is deis iontach í seo do dhuine ar bith ar mhaith leis an nGaeilge a úsáid ar bhealach cruthaitheach i dtimpeallacht thacúil agus shuaimhneach.

There will be a bilingual writing workshop for adults. Sadhbh Moriarty will facilitate the workshop and it is a fun, workshop for anyone, even if you believe you do not have much Irish. Recent comments from a workshop with Sadhbh,
*I didn't realise I had that much Irish in me?*
*I couldn't believe that I would be able to start a story in Irish... and it was so easygoing. We surprised ourselves by being able to write in Irish".*
It is a great taster session.

If interested contact Caroline 083 1915432 eolas@muscrai.org
to register your interest.

# Na Clubanna Óige





Is aoibhinn a fheiceáil go mbeidh **Club Óige an tSuláín**, BL 1–3 ag filleadh ar **Bhrú na Dromada** i **nGaeltacht Uíbh Ráthaigh** arís i mbliana. Rachaidh siad ag siúl leis an **Kerry Cowboy**, tabharfaidh siad cuairt ar **Mhúsaem Oileán Bhailintín**, déanfaidh siad turas **Dark Skies**, agus beidh neart eile ar siúl acu chomh maith.
Beidh an club níos sine ag dul go **Gaeltacht na nDéise**, ag rothaíocht ar an mBealach Glas agus ag déanamh gníomhaíochtaí eile freisin.

Agus beidh **Club mBéal Átha an Ghaorthaidh** ag dul go **Oileán Chléire** arís i mbliana.
Is iontach an rud é go bhfuil daoine óga chomh fonnmhar sin bualadh le cainteoirí Gaeilge eile. Agus comhghairdeas leis an **Oifigeach Óige** nua, **Jamie Ó Duinn**, atá díreach tosaithe leo. Guímid gach rath ar **Marc Ó Loingsigh**, a dhein an-chuid ar son an chlub le linn a thréimhse ann.

Beidh **Siúlóid Charthanacha** ar son **Seas 4 Féile**, ag na clubanna i mí Aibreán. Tacaíonn an feachtas seo le **Féile O'Sullivan**, 13 bliana d'aois, tar éis timpiste feirme a d'athraigh a saol i mí Iúil 2025, inar cailleadh a dhá chos.
Beidh siad ag siúl **Slí Ghaeltacht Mhúscraí** ag tosú ag breacadh an lae ó **Ghúagán**.

# Na Clubanna Óige

## Cad atá ar siúl? | *What's on?*

| | |
|---|---|
| 13/03/2026 | ***Céilí** mór sa halla **Cúil Áodha** le club **Béal Átha** and **Cill Garbhán*** |
| 20/03/2026 | ***Turas chuig Oileán Chléire*** |
| 27/03/2026 | ***Turas go Gealteacht Uíbh Ráthaigh don 1ú -3ú bliain*** |
| 30/03/2026 | ***Gaeltacht na nDéise, rothaíocht ar an mBealach Glas i bPort Láirge don 4/5ú bliain*** |
| 12/04/2026 | *Siúlóid chartanachta ar **Slí Gaeltacht Mhúscraí*** |
| 09/05/2026 | ***Turas campalá** 1/2ú bliain go **'West Cork Secret'*** |
| 22/05/2026 | ***Cóisir Linn Snámha*** |


# BIODIVERSITY IN YOUR NEIGHBOURHOOD

## Training Programme

**Biodiversity in your Neighbourhood** training
will take place in
**Inchigeelagh Community Centre**
on **Sat. 21st March**, **Sat. 25th April** and **Sat. 9th May 2026**
for southern IRD Duhallow region.

To register your interest or for further information please contact:
**Ellie Donovan at**
**ellie.donovan@irdduhallow.com**

IRD Duhallow




**Láithreán coille a cuireadh le déanaí atá ag teacht chun cinn**
(gnáthóga scrobarnacha agus oscailte)
**Cnoc Sathairn, Cill Na Martra, Co. Cork, P12 YH01**
**12 Márta 2026**
**11:00rn**


YOGA
Suitable for beginners
10 euro pay as you go
San Áras i mBéal Átha'n Ghaorthaidh
Dé Máirt 10ú Márta ag 7-8pm
For bookings/enquiries call or text
Cecily on 086 0826448


BINGO
Caint & Comhluadar
Social Event !
Beidh Fáilte!!!
Ionad Áise
As Gaeilge
Réidh na nDoirí (Renanirree) P12 F447
gach Céadaoin ar a 8.00i.n. (every Wednesday at 8.00p.m.)
Pota Óir Prize Varies
€10 leabhar amháin, (Single book €10)
€2 breise an cluiche !
Tae / Caifé & brioscaí ar fáil
Pota Óir!
Failte roimh gach éinne
€2 extra per game !
Facebook: Ionad Aise Reidh na nDoirí

# COMHGHAIRDEACHAS






An-éacht ag lucht fiontair na hIdirbhliana **Scoil Mhuire**! D'éirigh le **'Bláthanna Bruite'** Gradam ar son **Margaíocht & Airgeadais** a bhaint amach agus bhuaigh **'Mórthurasanna na hÉireann'** croabh réigiúnach Chúige Mumhan agus iad ag dul ar aghaidh go **Craobh na hÉireann** i gcomórtas Clár na gComlachtaí urraithe ag JAI & an Údarás.




Tréaslaimíd freisin le mionchomhlacht **'Maignéidí Maireachtála'** Ó **Coláiste Ghobnatan** a bhuaigh **Gradam Nuálaíochta** ag an gCraobh Réigiúnach!

# gteic
@BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH



**SHORT-TERM & LONG-TERM SPACES**

**DEASC SEALADACH & LÁN-AIMSEARTHA**







eolas@muscrai.org
Tel: 083 191 5432

# BÉILÍ AR ROTHAÍ
## *MEALS ON WHEELS*

**AR FÁIL Ó IONAD LAE BAILE BHÚIRNE**

Ó **Luan go hAoine** gach seachtain
(seachas Laethanta Saoire Bainc)
Déanaimid seachadadh go dtí:
**Baile Bhúirne, Baile Mhic Íre, Cúil Aodha,**
**Réidh na nDoirí, Cill na Martra**
**agus Bóthar Cluain Droichead**
Má theastaíonn an tseirbhís seo uait nó chun tuilleadh eolais a fháil, cuir glaoch orainn ar **026-45559**.



From **Monday to Friday** each week
(except Bank Holidays).
We deliver to:
**Baile Bhúirne, Baile Mhic Íre, Cúil Aodha, Réidh na nDoirí, Cill na Martra and Clondrohid Road.**
If you feel you need this service or for more information,
phone us on **026-45559**.

*IONAD LAE*

# CUAN BARRA

***BÉAL ÁTHA 'N GHAORTHAIDH***

## BÉILÍ AR ROTHAÍ

## *MEALS ON WHEELS*

Bíonn dinnéar ar fáil gach **Luan** agus **Aoine**

*(seachas saoire bainc)*

agus **Béilí ar Rothaí** chomh maith

Glaoch ar **026-47777**



Dinners are available every **Monday** and **Friday**

*(except Bank Holidays)*

We also provide **Meals on Wheels**

Phone us on **026-47777**

Údarás na Gaeltachta

# SUIRBHÉ NÁISIÚNTA
## TITHÍOCHTA GAELTACHTA


Tá an suirbhé seo dírithe ar dóibh siúd a bhfuil ag iarradh cónaí sa Ghaeltacht. Tá sé rí-tábhachtach go bhfuil líon mór freagraí. Líon isteach agus scaip é le bhur dtoil!



# TITHAÍOCHT
# AFFORDABLE HOUSING
## *CLUAIN RÉIDH*



Tá **cúig theach** nua inacmhainne le seachadadh do Bhaile Bhuirne. Beidh na tithe nua níos mó ná 20% níos ísle ná praghas an mhargaidh agus dírithe ar daoine le Gaoluinn.




Five new affordable homes are to be delivered for Ballyvourney. The new homes are set to be more than 20% below market cost, and for **Irish speakers**.

Awaiting further details.
Information will be able on:

Cork County Council
Comhairle Contae Chorcaí

# Pobal ar Aire

*Baile Mhúirne & Cill na Martra*



Tá obair iontach ar siúl ag Pobal ar Aire Baile Mhúirne & Cill na Martra faoi láthair, le Dífhibrileoir Gréine nua i Reilg Ghobnatan agus ceann uasdátaithe ag an Ionad Lae i gCill na Martra

There is great work being carried out by Pobal ar Aire Baile Mhúirne & Cill na Martra as usual, with a new solar defibrillator in Reilg Ghobnatan and an updated unit installed in Cill na Martra





# Oifigeach Forbartha Nua

## New Development Officer

saol@muscrai.org ~ 083 206 2356

**Thosaigh Darren Faul mar Oifigeach Forbartha.  Rugadh agus tógadh é i mBaile Mhúirne Tá táithí aige ag obair mar físghrafadóir.  Beidh sé ag úsáid a chuid scileanna chun aird a thabhairt ar na tairgí agus deantóirí áitúla.**

**Tá sé ag tacú le Meitheal Orgánach Mhúscraí, agus ag ullmhú dos na féiltí atá romhainn, a bheidh lán de bia, deoch agus fuinneamh an ceantar.**

**Lasmuigh don phost, caitheann Darren a chuid ama ag seint ceol, agus tá grá aige don Ghaolainn is don nádúr, agus an nasc atá idir eatarthu.**

**Deir Darren:**
**“Tá an-áthas orm bheith thar nais i mo cheantar dúchasach arís, agus ag obair ar son an phobail freisin. Déanfaidh mé mo dhícheall tacú in aon slí gur féidir liom agus táim ag tnúth go mór chun obair libh.”**

**Ba mhaith le Comharchumann Forbartha Mhúscraí buíochas a ghabháil le hÚdarás na Gaeltachta as an maoiniú a chuir ar fáil don ról seo.**

Darren Faul started his role as Development Officer in February. He is from Baile Mhúirne and wiill be using his skills and experience as a videographer,   to help promote local producers and their products.

Currently, he is working with the Meitheal Orgánach Mhúscraí, and preparing for the festivities ahead, which are sure to be filled with local food, drink and energy.

Outside of his work, Darren spends his time playing music, and has a love for nature and the Irish Language, and the connections between them.

Darren Says:
“I’m delighted to be back living in Baile Mhúirne, and to be working on behalf of the local people. I will do my best to support ye in any way that I can, and I look forward to working with you all.”

Comharchumann Forbartha Mhúscraí wishes to thank Údarás na Gaeltachta for providing the funding for this role.

Údarás na Gaeltachta

Comharchumann Forbartha Mhúscraí

MÚSCRAÍ GLAS

# Meitheal Orgánach Mhúscraí



Tá muintir Meitheal Órgánach Mhúscraí i mbun na hoibre mar is gnáth, ag ordú agus ag ullmhú don bhliain.

Bígí ag faire amach i gchomhair Bosca Blasta, agus biachláir séasúrach sna bialanna áitiúla, le uaineoil blasta orgánach!

Faigh tuilleadh eolas faoin
Meitheal Orgánach ag:
saol@muscrai.org

MEITHEAL ORGÁNACH
MÚSCRAÍ
HILL-RAISED LAMB
ORGANIC

@MUSCRAÍGLAS

# Obair idir Lámha








**Tá lasta mór eorna agus soighe orgánach díreach tagtha ó Chill Mhantáin do na huain.**
A bulk load of organic barley and soya just arrived from Wicklow for the lambs.

## *Rudaí eile beartha i rith na bliana*

- Siúlóidí feirme
- Barra a fhás (taigde don dara bhliain)
- Uaineoil orgánach ó pháirc go pláta i nGaeltacht Mhúscraí
- Comhroinnt eolais agus taighde talamh
- Na fhadhbanna agus a chuid réitigh a phlé

MEITHEAL ORGÁNACH
MÚSCRAÍ
HILL-RAISED LAMB
ORGANIC

# AN SÚGÁN

## ATHCHÓIRIÚ TOSNAITHE
## REFURBISHMENT STARTED



Coiste Forbartha
Béal Átha'n Ghaorthaidh

Ciaochló sa Teanga is sa Tír
an Súgán
Revolutions in the Irish Language

**Tá Coiste Forbartha Bhéal Átha ‘n Ghaorthaidh ag tosú ar an gcéad chéim den athchóiriú, ar chostas €115,000, agus bheidh sé chríochnaithe faoi mí Meitheamh.**

The first phase of the work on the outside fabric of the building, at a cost of €115,000, and will be completed by June.




## *AG OSCAILT GO LUATH*
## *OPENING SOON*

*An Chéad Chéim*

- **Oifigí Údarás Na Gaeltachta**
- **gteic**
- **spás do cian oibrí**
- **spás do comhlachtaí nua cumtha**
- **seomraí cruinnithe agus seomra traenálá**

*The First Phase*

- Údarás Na Gaeltachta office
- gteic
- Remote working spaces
- New start-up ventures,
- Meetings rooms and training room.

# Comharchumann Forbartha Mhúscraí

**Tá an nuachtlitir curtha le chéile ag Comharchumann Forbartha Mhúscraí. 'Sé an aidhm atá againn ná blaiseadh a thabhairt ar chuid den obair atá déanta, agus ar siúl, i nGaeltacht Mhúscraí.**

This newsletter is prepared by Comharchumann Forbartha Mhúscraí. The aim is to provide a sample of some of the great work that is going on, and planned within Gaeltacht Mhúscraí .

Comharchumann Forbartha Mhúscraí & GTeic
Gteic, Páirc Ghnó Bhéal Átha an Ghaorthaidh
Maighchromtha, Co. Chorcaí P12 PX22

083 191 5432
eolas@muscrai.org
www.muscrai.org

Gaeltacht Mhúscraí
Plean Teanga Mhúscraí
Údarás na Gaeltachta
Gaeltacht na hÉireann
gteic @BÉAL ÁTHA AN GHAORTHAIDH
S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal
connectedhubs
Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil / Environment, Community and Local Government
PURE CORK
Comhairle Contae Chorcaí / Cork County Council
ESB
Muinteoras